# Seicliosta Spásanna Laethúla

**Is treoir é an seicliosta seo chun cabhrú leat a chinntiú go bhfuil guth leanaí agus daoine óga le cloisteáil i gcinnteoireacht. Is féidir é a úsáid in a lán comhthéacsanna laethúla i seomraí ranga, suíomhanna cúraim leanaí, agus clubanna óige agus spóirt, agus i ndáil le gníomhaíochtaí atá á reáchtáil mar chuid de thionscadail óige, cluichí, tionscnaimh ealaíne agus chruthaitheacha.**

**Ná húsáid an seicliosta seo chun beartais, pleananna, seirbhísí, cláir, rialachas, taighde agus reachtaíocht a fhorbairt.**

**Cinntigh go bhfuil na bealaí a dtugann tú deis rannphháirtíochta do leanaí agus daoine óga i gcinnteoireacht aoisoiriúnach agus inrochtana do chách, cibé acu más go pearsanta nó ar líne atá an rannpháirtíocht á déanamh.**

## SPÁS

- Conas is féidir le leanaí agus daoine óga a bheith sábháilte chun a gcuid tuairimí a chur in iúl?
- An bhfuil dóthain ama curtha ar fáil agat chun éisteacht lena dtuairimí?
- Conas a chinnteoidh tú go mbeidh cluas éisteachta á tabhairt agat do gach leanbh agus duine óg?

## GUTH

- Conas a thugtar an tacaíocht is gá do leanaí agus daoine óga lena chinntiú gur féidir leo a dtuairimí a roinnt agus go bhfuil duine éigin ag éisteacht leo?
- Conas is féidir leo labhairt faoi na rudaí a bhfuil tionchar acu orthu?
- Conas a thugtar bealaí difriúla dóibh chun a dtuairimí a thabhairt?

## POBAL

- Conas a léiríonn tú go bhfuil tú réidh agus toilteanach éisteacht le tuairimí leanaí agus daoine óga?
- Conas a chinntíonn tú go dtuigeann siad céard is féidir leat a dhéanamh lena gcuid tuairimí?

## TIONCHAR

- Conas a bheidh a fhios ag leanaí agus daoine óga cé mhéad tionchair a bheidh acu ar chinntí?
- Conas a thabharfaidh tú aiseolas dóibh?
- Conas a roinnfidh tú tionchar a dtuairimí ar chinntí leo?
- Conas a mhíneoidh tú na cúiseanna atá leis na cinntí a rinneadh?